**RABHADH**

**Caithfear an Ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabha(i)r ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo ⇒**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2009

## DÉ CÉADAOIN, 17 MEITHEAMH 2009 – MAIDIN 9.30 - 12.00

# EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA – GNÁTHLEIBHÉAL

**(320 marc)**

Freagair **cúig cheist déag** as Cuid I agus **ceithre** cheist as Cuid II. Níor cheart duit níos mó ná uair an chloig a chaitheamh le Cuid I.

## CUID I (120 marc)

Freagair **cúig cheist déag**.
Scríobh na freagraí sna spásanna cuí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.

## CUID II (200 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).
**Ná scríobh** freagraí Chuid II ar an gceistpháipéar seo.

**NÁ DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA (bh)FREAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEADH CHUN NA CEISTEANNA I gCUID II A FHREAGAIRT.**

# CUID I (120 marc)

Freagair **cúig cheist déag**.
Scríobh na freagraí sna spásanna cuí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.

**1.** Ainmnigh **dhá** eagraíocht a chuireann leas fheirmeoirí na hÉireann chun cinn:

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**2.** Luaigh **dhá** bhuntáiste do gheilleagar na hÉireann a bhaineann le honnmhairí talmhaíochta:

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**3.** Críochnaigh slabhra bia na muiceola sna spásanna atá curtha ar fáil:

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | + | Acmhainní na bhfeirmeoirí iad féin | → | | + | | → | Muiceoil |

**4.** Is ionann an Glanfhiúchas ar chlár comhardaithe feirme agus na Sócmhainní Iomlána lúide ____________

______________________________.

**5.** Luaigh **dhá** sheirbhís a chuireann Teagasc ar fáil d'fheirmeoirí na hÉireann:

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**6.** Baineadh na figiúirí seo a leanas as leabhair chuntais feirmeora ar 31 Nollaig 2008:
Sócmhainní Seasta €250,000 Sócmhainní Reatha €100,000 Sócmhainní Leachtacha €40,000
Fiachais Reatha €20,000.
Ó na figiúirí thuas, ríomh an Cóimheas Leachtachta. Taispeáin do chuid oibre.

| | |
|---|---|
| **Freagra:** | Obair: |

**7.** Líon isteach na **trí** phríomhghné eile den chumasc margaíochta atá in easnamh sna spásanna thíos:

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | **ÁIT** |

**8.** Mínigh cén fáth a bhfuil deontais ar fáil d'fheirmeoirí na hÉireann faoin Scéim Bhithfhuinnimh.

______________________________

______________________________

**9.** Is feirmeoirí páirtaimseartha iad thart ar ______________ % d'fheirmeoirí na hÉireann.

**10.** Críochnaigh an abairt seo a leanas:

Is ionann Corrlach Comhlán lúide _______________ ________________ agus Ioncam Feirm Theaghlaigh.

**11.** Luaigh **dhá** thoisc a chuirfeadh tomhaltóir an lae inniu san áireamh agus biatháirgí talmhaíochta á gceannach aige/aici.

(i) ____________________________________________

(ii) ____________________________________________

**12.** Luaigh an Toisc Tháirgeachta a thuilleann pá. ____________________________________________

**13.** Is é luach measta na táirgeachta talmhaíochta in Éirinn ná: (Cuir tic (✓) sa bhosca cuí)

€1.7 bn ☐ €3.7 bn ☐ €5.7 bn ☐

**14.** Mínigh an téarma '**Dímheas**' i gcuntais feirmeora. ____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

**15.** Cuir in iúl cé acu Táirgí Iomaíochta nó Comhtháirgí iad seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Caoireoil agus olann | |
| (ii) | Cruithneacht agus eorna | |
| (iii) | Grán agus tuí | |

**16.** I dtionscal na talmhaíochta, ní féidir le gníomhaíochtaí an fheirmeora aonair gabháil i bhfeidhm ar phraghsanna an mhargaidh.

Dá bhrí sin, deirtear gur _________________________ _________________________ é an feirmeoir aonair.

**17.** Luaigh **dhá** thoisc a d'fhéadfadh é a dhéanamh deacair d'fheirmeoirí iasacht a fháil sa timpeallacht reatha eacnamaíochta:

(i) ____________________________________________

(ii) ____________________________________________

**18.** Mínigh an téarma Forthobhach i dtaca le táirgeadh bainne. ____________________________________________

____________________________________________

**19.** Cén rud í **Scéim na gCeantar faoi Mhíbhuntáiste**? ____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

**20.** Luaigh **dhá** shlí a ndeachaigh an titim ar luach Steirling (£) le déanaí i bhfeidhm ar thalmhaíocht na hÉireann.

(i) ____________________________________________

(ii) ____________________________________________

***Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na (bh)freagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i gCuid II a fhreagairt.***

# CUID II (200 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).
**Ná scríobh** freagraí Chuid II ar an gceistpháipéar seo.

**1.** **(a)** Mínigh cad is ciall leis an téarma **margaíocht**.

**(b)** Cuireann na tréithe seo a leanas de chuid thionscal na talmhaíochta srian ar éifeacht margaíochta:

(i) Struchtúr na feirmeoireachta;

(ii) Nádúr na dtáirgí.

Mínigh conas a chuireann **gach** ceann de na tréithe thuas srian ar mhargaíocht.

**(c)** Mínigh **dhá** mhodh a d'fhéadfadh feirmeoirí a úsáid chun na srianta sin a shárú.

**[50 marc]**

**2.** **(a)** Feirmeoir mairteola a dteastaíonn uaidh a fheirm a fhairsingiú, beartaíonn sé ar thuilleadh talún a fháil ar <u>cíos</u> agus beostoc breise a cheannach. Tá dóthain <u>foirgneamh</u> aige cheana féin ach beidh air breis caiteachais a dhéanamh ar <u>innealra</u>, ar phá agus ar <u>bheatha</u>.

(i) Mínigh go soiléir Costais Sheasta **agus** Costais Athraitheacha san fheirmeoireacht.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar cé acu sampla de chostais sheasta nó de chostais athraitheacha é **gach ceann** de na ceithre íocaíocht a bhfuil líne fúthu thuas.

(iii) Féadfaidh roinnt costas a bheith seasta ar feadh tréimhsí gearra, go ceann míosa fiú, ach athraitheach thar thréimhse fhada, bliain mar shampla. Mínigh, agus sampla á thabhairt agat, conas a d'fhéadfadh sin tarlú.

**(b)** Mínigh na himpleachtaí do tháirgeacht mairteola in Éirinn a bhaineann leis na méaduithe deireanacha ar chostais bheatha na n-ainmhithe.

**[50 marc]**

**3.** Déan idirdhealú idir na míreanna i n**gach** ceann de na péirí a leanas:

**(a)** Feirmeoirí inmharthana agus feirmeoirí neamh-inmharthana

**(b)** Boilsciú de bharr costbhrú agus boilsciú de bharr tharraingt an éilimh


**(c)** Iasacht urraithe agus iasacht neamhurraithe

**(d)** Cáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla agus Cáin Bhreisluacha.


**[50 marc]**

**4.** Léiríonn na trí léaráid thíos athruithe i soláthar na heorna ar an margadh.


**Léaráid 1**




**Léaráid 2**




**Léaráid 3**




Tá **trí** cinn de na cásanna seo a leanas léirithe sna léaráidí thuas:

(i) An t-earrach agus an samhradh an-fhliuch;

(ii) Tá costas síol eorna ag titim go mór;

(iii) Tá praghas an mhargaidh ar an eorna ag titim;

(iv) Tá ardú ar phraghas an mhargaidh ar an eorna.

**(Tabhair faoi deara go bhfuil cás amháin ann nach meaitseálann aon cheann de na léaráidí.)**

**(a)** Meaitseáil gach ceann na léaráidí thuas leis an gcás cuí ón liosta. Mínigh i n**gach cás**, cén fáth a n-oibríonn an soláthar mar atá léirithe ar an léaráid.

**(b)** (i) Luaigh **dhá** thoisc eile a d'fhéadfadh gabháil i bhfeidhm ar an soláthar eorna.

(ii) Mínigh, le cabhair léaráidí, conas a théann **gach** ceann de na tosca sin i bhfeidhm ar an soláthar.

**[50 marc]**

**5.** Rinneadh iarracht le deireanas ag cainteanna na *hEagraíochta Domhanda um Thrádáil* leibhéal na n-allmhairí bia ó thíortha neamh-AE a mhéadú.

Mínigh an tionchar a bheadh orthu seo leanas dá naithreodh an polasaí seo:

(i) Feirmeoirí na hÉireann

(ii) Tomhaltóirí na hÉireann

(iii) Talmhaíocht an AE.

**[50 marc]**

**6.** Is buiséad ráithiúil sreabhadh airgid d’fheirm sa bhliain 2010 é seo a leanas:

**Buiséad Ráithiúil Sreabhadh Airgid d’fheirm sa bhliain 2010**

| | **Ean-Már** | **Aib-Meith** | **Iúil-M.Fómh** | **D.Fómh-Noll** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **Fáltais** | | | | | |
| Bainne | 33,000 | 56,000 | 42,000 | 35,500 | 166,500 |
| Laonna, ba & eallach | | 15,000 | 13,500 | | 28,500 |
| Íocaíocht Aonair Feirme | | | | 19,500 | 19,500 |
| ***A. Iomlán na bhFáltas*** | **33,000** | **71,000** | **55,500** | **55,000** | **214,500** |
| | | | | | |
| **Íocaíochtaí** | | | | | |
| Ceannacháin Bheostoic | | 7,000 | | | 7,000 |
| Innealra & trealamh | | 65,000 | | 29,000 | 94,000 |
| Costais oibriúcháin innealra | 3,500 | 3,500 | 6,000 | 5,500 | 18,500 |
| Beatha | 3,000 | 4,500 | 1,450 | 4,250 | 13,200 |
| Artola & díosal | 2,500 | 2,500 | 2,500 | 2,500 | 10,000 |
| Leictreachas | 1,400 | 1,000 | 1,000 | 1,400 | 4,800 |
| Aisíocaíochtaí iasachta | 7,500 | 7,500 | 7,500 | 7,500 | 30,000 |
| Costais tí | 4,000 | 4,000 | 4,500 | 4,500 | 17,000 |
| ***B. Iomlán na nÍocaíochtaí*** | **21,900** | **95,000** | **22,950** | **54,650** | **194,500** |
| | | | | | |
| *Iarmhéid Glan (A–B)* | 11,100 | -24,000 | 32,550 | 350 | 20,000 |
| *Iarmhéid Tosaigh* | 5,000 | 16,100 | -7,900 | 24,650 | 5,000 |
| *Iarmhéid Deiridh* | 16,100 | -7,900 | 24,650 | 25,000 | 25,000 |

**(a)** (i) Luaigh **dhá** chúis a réiteodh feirmeoir buiséad sreabhadh airgid.

(ii) Cad é príomhfhoinse ioncaim na feirme thuas?

(iii) Mínigh an téarma ‘Íocaíocht Aonair Feirme’ mar a thaispeántar sa Bhuiséad Sreabhadh Airgid thuas.

**(b)** (i) Abair cé acu ráithe is mó a mbeidh deacracht inti don fheirm. Mínigh go soiléir an chúis le do fhreagra.

(ii) Mínigh conas a d’fhéadfadh an feirmeoir an deacracht seo a shárú.

**[50 marc]**

***Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na (bh)freagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i gCuid II a fhreagairt.***

Leathanach
Bán

Leathanach Bán